



Tráth na Samhna – Iar-bhunscoil

Tá rogha ábhair san acmhainn seo Tráth na Samhna – ceol, scríoptúr, paidreacha agus gníomhaíochtaí. Is féidir deasghnáth nó seirbhís urnaí a chur le chéile leis an ábhar de réir mar a oireann daoibh sa seomra ranga nó ar scoil. Moltar deasghnáth nó seirbhís urnaí ar leith san acmhainn seo.

Urnaí

A Thiarna Dia,

Míle buíochas as tíolacadh na beatha. Gabhaimid buíochas leat as an fhaill a bheith againn dúiseacht ar maidin agus lá úr, dóchas úr, deiseanna úra a bheith romhainn. Tá brón orainn mura dtuigimid an tábhacht a bhaineann lena leithéid.

Bíonn laethanta ann nuair a chuirtear dúshlán romhainn, nuair is dóigh linn go mbíonn barraíocht fadhbanna ann, nuair a bhíonn sé deacair aghaidh a thabhairt ar an lá. Cabhraigh linn déileáil leis na hamanna sin agus dearcadh deimhneach dóchasach a chothú.

Tuigimid go maith go dtiocfaidh deireadh lenár ré ar domhan, ach creidimid go leanfaidh tíolacadh na beatha ar aghaidh go dtí an saol síoraí.

Údar mór bróin ba ea bás na muintire muirní do chuid againn. Siúil taobh linn le do thoil, nuair a tharlaíonn a leithéid. Má bhíonn cumha orainn i ndiaidh na ndaoine a fuair bás, is toisc gur ghrámar iad.

Cé go mbíonn cuid den mhuintir mhuirneach ar shlí na fírinne, is féidir linn iad a ghrá agus urnaí a chur ar a son agus suaimhneas síoraí a ghuí dá n-anamacha. Bíonn meas againn orthu má thugaimid cuairt ar na huaigheanna, go háirithe i rith Mhí na Marbh. Machnaímid ar bhrón an bháis nuair a bhíonn aimsir dhuairc na Samhna ann, ach tuigimid go maith go dtiocfaidh feabhas ar an aimsir agus go bhfuil bliain úr romhainn.

(Tá paidreacha breise ar fáil i Leabhar Urnaí na hÓige YOUCAT.)





Gníomhaíochtaí

- Bíodh balla cuimhneacháin nó clár fógraí ar leith sa seomra ranga. Tabhair cuireadh do na daltaí ainmneacha na muintire muirní atá ar shlí na fírinne a scríobh ar chártaí, agus siúl lena chéile ar bhealach sollúnta le hiad a chrochadh ar bhalla cuimhneacháin, nó ar chlár fógraí, mar chuid den tseirbhís urnaí.
- Tabhair cuireadh do na daltaí coinnle a lasadh in ómós don mhuintir mhuirneach atá ar shlí na fírinne agus iad a chur ar taispeántas sa spás beannaithe, nó sa seomra urnaí/aireagal, ar bhealach sollúnta urnaitheach.
- D'fhéadfaí seirbhís urnaí a réachtáil don rang sa reilig áitiúil. Má bhíonn gaolta leo curtha ansin, d'fhéadfadh na daltaí tuairisc a thabhairt orthu, uaigheanna a thaispeántas, agus guí ar a son.
- D'fhéadfadh na scoláirí, ealaín agus siombail an dóchais agus an chuimhneacháin a dhearadh.

Ceol

Tá gach píosa ceoil a luaitear thíos ar fáil ar YouTube, Spotify, Apple Music, 7rl nó is féidir traiceanna a cheannach chomh maith ó iTunes nó 7Digital (In Éirinn: <https://ie.7digital.com>).

Dhá albam le ceol uirlise atá oiriúnach don ócáid:

- *Ripples of the Divine* – Marie Dunne CHF
- *The Quiet* – John Michael Talbot

Amhráin oiriúnacha:

- 'In Their Memory' – Marie Dunne CHF
- 'Now is the Time for Tears' – Charlie Peacock
- 'The Clouds' Veil' – Liam Lawton
- 'Life Goes On' – Judy Bailey
- 'Love is the Boat for the Journey' – Ian Callanan
- 'Jealous of the Angels' – Jenn Bostic
- 'God Will Wipe Away All Tears' – Bernard Sexton
- 'Jesus Promised Me a Home Over There' – Jennifer Hudson
- 'When the Saints Go Marching In' – Bruce Springsteen
- 'Don't Forget to Remember' – Ellie Holcomb

Bileog oibre

Tá bileog oibre leis an acmhainn seo. Déantar iniúchadh ar théamaí ábhartha Thráth na Samhna. Is féidir leis na daltaí an bhileog oibre a líonadh sula ndéantar na gníomhaíochtaí eile, ionas go mbeidh machnamh á dhéanamh acu ar na téamaí, agus go mbeidh tuiscint áirithe acu ar chúrsaí ina dhiaidh sin.

Na scríoptúir

- Matha 5:3-12 – 'Is méanar dóibh seo atá bocht ó spiorad ...'
- Eoin 14:1-3 – 'Ná bíodh buaireamh ar bhur gcroí ...'
- Salm 34:17-19 – 'Nuair a ghlaonn na ffréin air ...'
- Íseáia 41:10 – 'Ná bíodh eagla ort, tá mise i d'fhochair ...'

